Comhairle Contae Chorcaí

# Cruinniú na nÓg

## Lá cruthaitheachta do dhaoine óga saor in aisce

**10th June 2023**



RTÉ

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Cruinniú na nÓg

# Oirthear Chorcaí



**CEARDLANN** | SORCAS

## SORCAS FAOI SCÁTH

Leabharlann Mhainistir na Corann

Raon aoise: **Gach aois** Am: **10am-12pm**

Beidh Kate Mitchell, an t-oibrí sorcas i Leabharlann Mhainistir na Corann chun an tslí chun plátaí guairneála a úsáid a léiriú, rud a bheidh ar fáil saor in aisce ar an mbonn tús freastail ar an gceann is túisce.

TUILLEADH EOLAIS

**TIONSCADAL EALAÍON** | ILDISCIPLÍNEACH

## PLAY MÓR

Mol Cruthaitheach de chuid Coach House, Greywood Arts, Cill Fhiaich

Raon aoise: **Gach aois** Am: **10am-1pm**

Tabhair cuairt ar Greywood Arts dá mba mhaith leat maidin a chaitheamh i mbun turgnamhaíochta agus ealaín smeadráilte! Maidir leis na páistí faoi bhun 5 bliana d'aois beidh ceardlann ar siúl againn ina mbeidh Imirt Chéadfach ann agus buailfidh Eilis O'Toole isteach againn. Is féidir leis na daoine óga idir mhór agus bheag triail a bhaint as bheith ag siúl ar an sreang rite agus as scileanna sorcais a fhoghlaim le Wobbly Circus. Cuirfidh Club Óige Greywood Arts beochan íomhá ar íomhá ar taispeáint a tharraing siad lena lámha. Bí linn ar an maidin le haghaidh píosa spraoi agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht na ndaoine óga inár bpobal.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN** | BITHÉAGSÚLACHT/OIDHREACHT NÁDÚRTHA

## TURAS GAN TEICNEOLAÍOCHT I MEASC SAMHLAÍOCHTA TRÍ EALAÍN THALÚNTA

Coill Bhaile Uí Ainnín, Mainistir na Corann

Raon aoise: **Gach aois** Am: **11am-1pm**

Tosaíonn an t-imeacht seo le fiosrúchán treoraithe agus fiosrú ar na fuaimeanna, ar na bolaithe, ar na dathanna, ar na huigeachtaí, agus ar theochtaí na rudaí sna coillte. Is é seo an pointe ina gcuirtear tús le saothar ealaíne a chruthú.

TUILLEADH EOLAIS




**CEARDLANN** | AMHARC-EALAÍN

## AITHEANTAS, BAILE, CRÍOCHA

Ionad Ealaíne Sirius, An Cóbh

Raon aoise: **6-12 bhliain d'aois** Am: **12-1pm**

Is gníomhaíocht foghlama í 'Aitheantas, Baile, Críocha' do pháistí idir 6-12 bhliain d'aois ina ndéantar scrúdú ar aitheantas chun machnamh a dhéanamh ar bhraistint chómhuintearais agus díláithrithe, chun tuairimí maidir le baile agus críocha a tharraingt óna chéile.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN** | AMHARC-EALAÍN

## PRIONTÁIL DO MHÁLA FÉIN

Leabharlann Eochaille

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois** Am: **11am-1pm**

Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi na bunrudaí a bhaineann le monaiphriontáil agus beidh saothar ealaíne dá gcuid féin acu ag an deireadh chun tabhairt abhaile leo. Cuirfear treoracha sonraithe ar fáil maidir le conas priontáil ar dhromchla comhréidh (mála gualainne nó páipéir) ach úsáid a bhaint as naisc inghearradh agus as marcóirí fabraice más cuí.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN** | ILDISCIPLÍNEACH

## FLUX: IMIR LINN

Leabharlann an Chóibh

Raon aoise: **Gach aois** Am: **10am-12pm**

Beidh an léiriúchán seo idirghníomhach do pháistí i ngach aoisghrúpa agus beidh siad ina suí thart ar bhileog pháipéir mhór bhán, beidh siad ag féachaint ar an líníocht mhór á cruthú agus beidh siad rannpháirteach sa phróiseas, agus beidh tionchar ag na daoine atá ag imirt ar an líníocht. Bíodh éadaí compordacha ort ar féidir iad a phéinteáil le linn na himeartha!

TUILLEADH EOLAIS



# Tuaisceart Chorcaí

**TAISPEÁNTAS |** AMHARC-EALAÍN

## R-INSINT, ATHSHAMHLÚ AGUS ATHCHÚRSÁIL

Blackwater Valley Makers, Mainistir Fhear Maí

Raon aoise: **6-13 bliana d'aois** Am: **10am-6pm**

Is iad na páistí atá sa chéad rang agus i rang a Sé sa Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile i Mainistir Fhear Maí, a úsáidfidh seanpháipéar agus íomhánna chun saothair ealaíne a chruthú agus cuirfidh siad ar taispeáint iad le linn mhí an Mheithimh in Blackwater Valley Makers, i Mainistir Fhear Maí. Rinneadh guthanna na bpáistí a thaifeadadh, agus iad ag insint agus ag athinsint scéalta a thug spreagadh dóibh sa teanga a úsáideann siad sa bhaile. Cruthaíonn na taifeadtaí seo an ghné fuaime den taispeántas.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** DEARADH

## CEARDLANN DEARTHA FAISIN

Leabharlann Bhaile an Mhistéalaigh

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois Am: 10-12.30pm**

Beidh sé de dheis ag na rannpháirtithe sa cheardlann deartha faisin seo dearadh le haghaidh ball éadaigh a chruthú. Gheobhaidh na rannpháirtithe inspioráid ó na boird atmaisféir/choincheapa agus déanfaidh siad tobsmaointeoireacht ar an dearadh deiridh le haghaidh an bhaill éadaigh. Foghlaimeoidh siad conas é seo a aistriú go teimpléad faisin. Beidh léaráid ag na rannpháirtithe dá gcuid féin ag deireadh an ceardlainne seo a bheith ar taispeáint i leabharlann Bhaile an Mhistéalaigh.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** AMHARC-EALAÍN

## MO BHAILE, CEARDLANNA AGUS TAISPEÁNTAS

Leabharlann Mhala

Raon aoise: **10-18 years Am: 1-2pm**

Bí i láthair sna trí cheardlann ealaíne atá saor in aisce leis an ealaíontóir Julie Forrester. Foghlaimeoidh tú scileanna nua, cuirfidh tú do chruthaitheacht in iúl agus is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh spraoi agat. Cuirfear an saothar ar taispeáint sa Leabharlann do theaghlaigh, do chairde agus do phobail ón 10 Meitheamh ar aghaidh, mar chuid de Chruinniú na nÓg. Cuirfear na hábhair ar fad ar fáil.
**Dátaí na ceardlainne: Dé Sathairn an 20 Bealtaine agus an 27 Bealtaine.**

TUILLEADH EOLAIS

**TAIBHLÉIRIÚ/SEÓ |** SCÉALAÍOCHT

## AM SCÉALAÍOCHTA SA LEABHARLANN

Leabharlann an Mhargaidh Nua

Raon aoise: **0-12 bhliain d'aois**

Am: **10am-10.30 - 0-4 bliana d'aois**
**10.30-11am - 5-8 bliana d'aois**
**11am-11.30 - 8-12 bliana d'aois**

Ba mhaith linn go mbeifeá linn i Leabharlann Áth Trasna Dé Sathairn an 10 Meitheamh, áit a mbeidh maidin scéalaíochta ar siúl ann. Beidh gníomhaíochtaí simplí ceirde ar siúl freisin. Tá an t-imeacht seo saor in aisce agus ní gá áit a chur in áirithe.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** FILÍOCHT

## SPRAOI LE LUIMNIGH

Leabharlann Shráid an Mhuilinn

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois** Am: **2:30pm-4pm**

Is ceardlann í Write a limerick, Draw a limerick, Sing a limerick, faoi luimnigh do thosaitheoirí arna éascú ag Gerard O'Callaghan. Baineann sé le do chruthaitheacht agus focail a úsáid.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** CEOL/AN FOCAL LABHARTHA

## CRUTHAITHEOIRÍ NÁDÚRTHA

Leabharlann Mhainistir Fhear Maí

Raon aoise: **2-4 bliana d'aois** Am: **11-12pm**

Is clár é Natural Creators ina bhfuil éisteacht, cumadóireacht agus tobchumadh do na luathbhlianta, agus is é an cumadóir Éireannach Karen Power a cheap an clár agus a dhéanann éascaíocht air.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** AMHARC-EALAÍN

## RÉAMHRÁ DO DHÉANAMH COMICÍ

Leabharlann Cheann Toirc

Raon aoise: **Group 1: 9-12 bhliain d'aois 10am-11am**
**Group 2: 13-18 mbliain d'aois 10am-11am**

Foghlaimeoidh tú faoi na bunrudaí a bhaineann le do chuid greannán féin a dhéanamh sa cheardlann ghearr seo. Is cuma má tá suim agat i sárlaochra, nó i do scéal féin a insint, foghlaimeoidh tú na bunrudaí a bhaineann le carachtair a dhearadh, teacht ar smaointe, agus chun peann a chur le pár chun do ghreannáin féin a chruthú.

TUILLEADH EOLAIS





## Corcaigh Theas

**CEARDLANN** | AMHARCLANN

### CÉ A BHEIDH IONAT INNIU?

Leabharlann Dhroichead na Bandan

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois 11.00am - 11.45 am**
**13-18 mbliana d'aois 12.00pm - 1.00pm**

Bainfidh na rannpháirtithe sásamh as iniúchadh a dhéanamh ar an gcarachtar a chruthóidh siad sna cluichí amharclainne sa cheardlann amharclainne seo. Cuirfidh siad ceisteanna mar seo: conas a mhothaíonn tú, conas a bhogann tú agus conas a dhéanann tú cumarsáid le daoine sa lá inniu?

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN** | BEOCHAN

### CEARDLANNA BEOCHANA

Leabharlann an Phasáiste

Raon aoise: **5-12 bhliain d'aois Am: 12pm-2pm**

Tar chuig an gceardlann agus cruthaigh beochan íomhá ar íomhá ach úsáid a bhaint as ábhair ar féidir iad a chur ar lúb gan chríoch agus a chur i scannán mór amháin.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN** | LITRÍOCHT

### CÚPLA CEANN DE NA RUDAÍ IS FEARR LIOM, CEARDLANN AR DHÉANAMH ZINE

Leabharlann Charraig Uí Leighin

Raon aoise: **5 go 8 mbliana d'aois, 9 go 12 bhliain d'aois Am: 10am-11am, 11.30am-12:30pm**

Foghlaimeoimid sa cheardlann seo a mhairfidh 90 nóiméad conas irisín a chruthú ach úsáid a bhaint as bileog pháipéir A4 agus as marcóirí chun irisín 8 leathanach a chruthú is féidir a chóipeáil agus a phriontáil le roinnt le teaghlaigh agus cairde.

TUILLEADH EOLAIS




**CEARDLANN** | CEARDAÍOCHT

### SPREAGTHA AG AN DÚLRA

Leabharlann Mhaigh Chromtha

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois Am: 11-12pm**

Tá trí cheardlann sa tsraith seo agus úsáidfimid snáithíní olla nádúrtha i ndathanna geala chun saothar bunúil ealaíne dathannach a chruthú, trí fheilt a dhéanamh. Cuirfimid ár sraith ceardlann le chéile i dtaispeántas ar an 10 Meitheamh do Chruinniú na nÓg inar féidir leat do chuid oibre ar fad a roinnt le do theaghlach agus le do chuid cairde.

TUILLEADH EOLAIS



**CEOLCHOIRM** | DAMHSA

### DIOSCO CUIMSITHEACH DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Club CLG Charraig Uí Leighin, Bóthar Bhun an Tábhairne

Raon aoise: **12-17 mbliana d'aois Am: 7-9pm**

Tá sé oifigiúil: oíche cheoil, ina mbeidh damhsa, agus sceitimíní dioscó, i gcomhpháirtíocht le Rev Discos! an t-aon Seó Bóthair i gCúige Mumhan do Dhéagóirí. Tugtar spreagadh dhaoine faoi mhíchumas (agus dá dtuismitheoirí tábhachtacha!) teacht in éineacht leo le cairde, damhsa le ceol breá, agus dul ar ragairne i gcaitheamh na hoíche!

TUILLEADH EOLAIS

**TAISPEÁNTAS** | AMHARC-EALAÍN

### PRIONTÁIL I SCOIL EALAÍNE MHAIGH CHROMTHA

Scoil Ealaíne Mhaigh Chromtha

Raon aoise: **10-18 mbliana d'aois Am: 12-3pm**

Cuirfidh Scoil Ealaíne Mhaigh Chromtha (Macroom School of Art) sraith ceardlann déanta priontaí atá cruthaitheach agus spreagúil ar siúl do Chruinniú na nÓg i mbliana le daoine óga ó 10-18 mbliana d'aois ó Fóroige i Maigh Chromtha. Beidh Taispeántas de na saothair a cruthaíodh ar siúl Dé Sathairn ar an 10 Meitheamh i Scoil Ealaíne Mhaigh Chromtha ó 12pm go dtí 3pm. Cuirfear fáilte roimh gach duine.

TUILLEADH EOLAIS

## CLÁR IMEACHTAÍ | ILDISCIPLÍNEACH

### CRUINNIÚ NA NÓG AT CHAPEL HILL SCHOOL OF ART

Scoil Ealaíne Chnoc an tSéipéil, Maigh Chromtha

Raon aoise: **Gach aois Am: 12.30-3.30pm**

Tugann Scoil Ealaíne Chnoc an tSéipéil (Chapel Hill School of Art) cuireadh do pháistí agus do dhaoine óga chun a mbuanna a léiriú a chur ar taispeáint, agus a nochtadh mar chuid de thaispeántas cruthaitheach chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhaoine óga agus ar a mbuanna.

TUILLEADH EOLAIS

## TAISPEÁNTAS | AMHARC-EALAÍN

### MO SHAOL: TAISPEÁNTAS EALAÍNE

Gailearaí LHQ, Áras Chomhairle Contae Chorcaí

Raon aoise: **13-18 mbliana d'aois Am: 3-4pm**

Tugtar cuireadh do dhaoine óga atá idir 13 go 18 mbliana d'aois freagairt don téama "Mo Shaol" chun saothar ealaíne 2T a chruthú. Cuirfear taispeántas le chéile ina mbeidh rogha deiridh na saothar i nGailearaí LHQ, rud a bheith mar chuid de Chruinniú na nÓg. Dá mba mhaith leat iarratas a dhéanamh, cuir ríomhphost le do thoil chuig: creativeireland@corkcoco.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

## CEARDLANN | CEOL/AN FOCAL LABHARTHA

### CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA AMHRÁNAÍOCHTA SWEETBIRD

Raon aoise: **8-12 bhliain d'aois Am: 10:30-12:00**
**13-18 mbliana d'aois Am: 12:15-13:45**

Bí linn le haghaidh ceardlann spraíúil chumadóireachta amhrán dhinimiciúil.

TUILLEADH EOLAIS

## CEARDLANN | BITHÉAGSÚLACHT/ OIDHREACHT NÁDÚRTHA

### SÁBHÁIL ÁR NAINMHITHE!

Páirc Fhoraoise an Fhearainn

Raon aoise: **5-8 mbliana d'aois**
**An chéad Seisiún: 11:00-12:00**
**An dara Seisiún 12:30-13:30**
**An tríú Seisiún: 14:00-15:00**

Déanaimis roinnt saothar ealaíne atá iontach cruthaitheach chun léiriú a áille agus atá ár speicis fiadhúlra. Ní gá aon áit a chur in airithe le haghaidh na ceardlainne seo

TUILLEADH EOLAIS

# Iarthar Chorcaí

## TIONSCADAL CULTÚRTHA | ILDISCIPLÍNEACH

### AN CHUIDEACHTA CRANN

Coill Ráth an Bharraigh

Raon aoise: **Gach aois Am: 11am-2pm**

Beidh folcadh, líníocht agus péintéireacht san imeacht seo, chomh maith le ceol beo, agus taispeántas ealaíne sna coillte agus iarrfar ar theaghlaigh lón pacáilte a thabhairt leo agus chun teacht go dtí an taispeántas.

TUILLEADH EOLAIS

## TAIBHLÉIRIÚ/SEÓ | AMHARCLANN

### AMHARCLANN ÓIGE AN GHLEANNA GHAIRBH

Amharclann an Ghleanna Ghairbh

Raon aoise: **10 go 18 mbliana d'aois Am: 11am-3pm**

Tá Amharclann Óige an Ghleanna Ghairbh ag cur ceardlanna ar siúl lena gcuimseofar dráma rince agus amhránaíocht chun iniúchadh a dhéanamh ar chruthaitheacht ár rannpháirtithe chun an deis a thabhairt do gach duine triail a bhaint as i spás atá spraíúil agus cruthaitheach, is féidir áit a chur in áirithe le haghaidh an imeachta seo ar shuíomh gréasáin Amharclann an Ghleanna Ghairbh agus tá sé oscailte d'aoiseanna idir 10 agus 18 mbliana d'aois

TUILLEADH EOLAIS

## TAIBHLÉIRIÚ/SEÓ | AMHARCLANN

### AMHARCLANN ÓIGE RUSTY FROG

Ionad Ealaíne Uillinn i gCorcaigh Thiar

Raon aoise: **13-18 mbliana d'aois Am: 10:30am-1pm**

Déanfaidh Maxine Acton éascaíocht ar sheisiún ina mbeidh Réamhrá uair an chloig ar Amharclann Óige. Beidh gníomhartha sa cheardlann chun aithne a chur ar dhaoine agus beidh réamhrá séimh ann ar thobchumadóireacht agus ar ealaín stáitse.

TUILLEADH EOLAIS

## TIONSCADAL CULTÚRTHA | ILDISCIPLÍNEACH

### CRUINNIU NA NÓG IN INIS ARCÁIN

Leabharlann Inis Arcáin, Contae Chorcaí

Raon aoise: **Gach aois Am: 11am-2pm**

Bí linn ag an gceardlann ina gcruthóimid caisleáin ghainimh ach úsáid a bhaint as rudaí amhail adhmad raice, sliogáin agus feamainn.

TUILLEADH EOLAIS





# Iarthar Chorcaí

**CEARDLANN |** CEOL

## CEOL, RITHIM AGUS NADÚR:

Leabharlann an Sciobairín

Raon aoise: **8-18 mbliana d'aois**

Beidh rannpháirtithe na ceardlainne seo ag plé le téamaí an tsaoil amuigh faoin aer agus lenár dtimpeallacht nádúrtha agus beidh ceird na n-amhrán agus cumadóireacht amhrán san áireamh. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi chnaguirlisí agus faoi cheol ach amhránaíocht, giotár, agus veidhlín a úsáid, chomh maith le réimse leathan cnaguirlisí. Ansin, beidh sé de dheis ag gach duine ar an 10 Meitheamh chun amhráin bhunúla a chasadh do theaghlaigh agus do chairde ag imeacht speisialta i bPáirc Uí Dhonnabháin Rosa a bhuí le Cruinniú na nÓg.

**Ceardlann ó 13 go 18 mbliana d'aois 1.45-2.45pm**

**Dé Céadaoin an 24 Bealtaine, an 31 Bealtaine agus an 7 Iúil**

TUILLEADH EOLAIS



**CEARDLANN |** CEARDAÍOCHT

## PÉINTÉIREACHT FABRAICE

Leabharlann Dhún Mánmhaí

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois Am: 10:30-12:30pm**

Déanfaidh Gwen Mc Guirk iniúchadh ar shaol na dteicstílí agus ar phéintéireacht fabraice go spraíúil agus go hidirghníomhach. Bainfidh na rannpháirtithe úsáid as réimse teicnící chun blas a fháil ar an gceird spreagúil seo. Ag an deireadh, beidh saothar déanta ag gach duine chun tabhairt abhaile leo, d'fhéadfadh gur mála/mála siopadóireachta, mála gualainne, sparán fabraice nó bosca pionsailí. Cuirfear na hábhair ar fad ar fáil ar an lá.

TUILLEADH EOLAIS

**TAIBHLÉIRIÚ/SEÓ |** SORCAS

## SEÓ SORCAIS & CEARDLANN BEACHEOLAÍOCHTA

Imeachtaí Nádúrtha, Seanchorrán Thoir, Dún Mánmhaí

Raon aoise: **Gach aois** Am: **11am-12pm**

Is seó sorcais greannmhar, idirghníomhach, é Bee-ology a chuirfidh gliondar ar do chroí do dhaoine óga agus dá gcoirceoga, beidh lámhchleasaíocht, scéalaíocht, damhsa, puipéadóireacht ann mar aon le grá do gach a mhaireann.

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** AMHARC-EALAÍN

## MIONDEALAIGH TÚ FÉIN

Leabharlann Chloich na Coillte

Raon aoise: **9-18 mbliana d'aois** Am: **10-12pm**

Déanfaidh na rannpháirtithe a n-íomhá, a phriontáil, a chur le chéile agus a bhaint anuas ach úsáid a bhaint as a bhféinín a ghlacfar ar an lá. Imreoidh an t-ealaíontóir Loui Jover atá ina chónaí san Astráil tionchar ar an saothar. Beidh ar na rannpháirtithe cothromaíocht a bhaint amach ó amharc sa saothar chomh maith le gnéithe amhairc dá bpearsantacht a chomhtháthú sa saothar. Cuirfear na dathanna i láthair trí phéint agus uigeacht ach úsáid a bhaint as teicnící printéireachta agus as páipéir na meán measctha. Beidh an saothar deiridh ar mhéid A3.

TUILLEADH EOLAIS



**CEARDLANN |** AMHARC-EALAÍN

## CEARDLANN PUIPÉAD SÁRMARBHÁIN

Leabharlann na Scoile

Raon aoise: **9-12 bhliain d'aois** Am: **11-1pm**

Carachtair iontacha a chruthú agus smaoineamh ar shilte eile maireachtála sa saol seo. Cén chuma a bheadh ar mo shaol dá mba lámha ochtapais a bheadh orm? Cad faoi cholainn drúchtín nó ceithre shúil ar nós damhán alla?

TUILLEADH EOLAIS

**CEARDLANN |** CEOL

## UKULE-LE-CHÉILE

Leabharlann Bhaile Bhúirne

Raon aoise: **9-18 mbliana d'aois**

Ceardlann do thosaitheoirí: **13:45-2:30**

Ceardlann do d'fheabhsaitheoirí: **2:30-3:15**

Is achoimre spraíúil í Ukule-le-Chéile ar cheann de na huirlisí is éasca ar domhan: an ucailéile. Stiúrann Kevin McNally atá mar bhall de Cheolfhoireann Corcaigh Thiar, an cheardlann seo, ina bhfreastalaítear ar thosaitheoirí amach is amach, nó do na daoine nach bhfuil mórán taithí acu agus atá ag iarraidh cúpla amhrán nua a fhoghlaim. Níl uait ach ucailéile agus píosa beag díograise!

TUILLEADH EOLAIS